# Day out in Croke Park

GRANGE GAA Club ran three buses to Croke Park for the Carlow v Wexford Leinster football semi-final. While the outcome was not the desired one, a great day was had by all. Thanks to Clare Murphy and Mick Shannon. Well done to John Murphy who contributed to the game and should have been introduced sooner.

## Grange

CONTACT: DENIS RUSCHITZKO TEL: 086 3276279
EMAIL: DRUSCHITZKO@EIRCOM.NET

**CLEANER REQUIRED**
Grange National School requires a cleaner for ten hours per week. Apply with reference to: Chairperson, Grange Board of Management, Parish Office, Tullow, Co Carlow.

**FUNDRAISER FOR SUDAN**
Mount Wolseley Hotel, Spa and Country Club is the venue for an evening of music and dancing on Wednesday 3 August, with funds in aid of Sudan. Featuring the Davitt Showband, special guests will include Laz Murphy, Sam Anderson, Owen O'Neill, Philip Flynn, Paschal Tomlinson and many more. Donation is €10 and your support would be greatly appreciated.

**COUNTRY MARKETS**
Tullow country markets, held in the parish centre every Friday morning from 9.15 to 11.30am, are delighted to announce the arrival of two new craft producers to their market. They now have a lovely range of handmade handbags and cushions to compliment their wide range of knitted goods, baskets and glassware. They now also have a supplier of personalised greeting cards for every occasion. All of these items are very reasonably priced and make lovely gifts. They continue with their lovely range of home baking, fresh vegetables and potatoes picked that morning to ensure optimum freshness, plants, free range eggs, jams of every variety and homemade chutneys and sauces. All these products are produced in the Tullow area and your continued support is very much appreciated.

**RUGBY SUMMER CAMP**
Tullow RFC will this year host the Volkswagen Leinster summer camp for boys and girls aged 6 to 12 years from Monday 8 to Friday 12 August. The cost is €89 for first child, €80 for each subsequent sibling. Application forms are available from Tullow parish centre or from Antoinette on 087 2412069.



**Muintir Chluain Tarbh ag siúl thar an droichead i nGairdíní Altamont.**

## Gaeilgeoirí Chluain Tarbh ar thuras lae go Ceatharlach

Tá an t-am sin den bhliain againn nuair a shmaoiníonn gach eagras, eagraíocht, club agus chuile shórt grúpa ar thuras lae nó deireadh seachtaine as baile a eagrú dá mbaill. Faoi mar a deireann Christy Moore san amhrán clúiteach Lisdoonvarna….'Tagann siad anseo agus téimid ansiúd!'. I mbliana agus Gaeilgeoirí Chluain Tarbh ag eagrú a dturas lae as an ardchathair cé cheapadh go roghnódh siad Ceatharlach. Ach b'shin mar a thárla. Faoi stiúir na beirte Seán Ó Coileáin agus Úna Uí Lachtnáin thaisteal seachtar is fiche ar Iarnród Éireann ó Stáisiún Heuston le déanaí agus bhain siad Stáisiún Cheatharlach amach ag a deich a chlog ar maidin áit a raibh bus de chuid chomhlacht Uí Challanáin ag feitheamh orthu. Turas bus gearr ansin go dtí Ostán Seven Oaks le haghaidh caife na maidine áit a raibh baill Ghlór Cheatharlach bailithe chun fáiltiú roimh na cuairteoirí.

Ina dhiaidh sin thaisteal an grúpa chuig Altamont agus thug Miriam Nic Gabhann turas treoirithe dóibh mórthimpeall na ngáirdíní a bhí ag féachaint go gleoite faoi theas na gréine. An chéad stad eile ná Balána i gcóir lóin sa bhialann Forge, siúlóid Shlí na Sceacha agus cuairt ar an nGáirdín Orgánach. Ní fhéadfaí smaoineamh ar chuairt ar Cheatharlach gan an Dolmain a fheiceáil agus nach raibh muintir Chluain Tarbh thar a bheith tógtha leis an dolmain atá ar Chnoc an Bhrúnaigh le 5,000 bliain. Cuairt tapaidh ansin ar Garraí Duckett agus ar ais chuig an baile mór chun cuairt a thabhairt ar Ionad VISUAL agus Ardeaglais na Deastógála. Béile blasta agus ceol traidisiúnta i dTeach Dolmain agus ar deireadh an traein ar ais go Baile Átha Cliath.

Lá fada, lán agus taitneamhach gan dabht. Nach deas an rud é gur roghnaighGaeilgeoirí Chluain Tarbh an baile seo 'gainne dá dturas lae na bliana seo. Cá bhfios dúinn nach ndéanfaidh pobail eile amhlaidh. Agus má dhéanann is cinnte go gcuirfear fáilte Uí Cheallaigh rompu. Mar a deireann amhrán eile… Leanaigí Suas Go Ceatharlach!



**Miriam Nic Gabhann ag labhairt le Gaeilgeoirí Chluain Tarbh i nGairdíní Altamont**

# Glór Cheatharlach

# Coláiste Samhraidh 2011 faoi lán seoil

Tá Coláiste Samhraidh ar siúl i mbaile Cheatharlach don triú bhliain as a chéile agus tá ag éirí go hiontach leis. Cuireadh tús leis an gcúrsa coicíse ar 4ú Iúil agus tá teach lán ann le beagnach 80 déagóirí ag freastal ar an gcoláiste samhraidh atá lonnaithe i nGaelcholáiste Cheatharlach. Eagraithe ag Glór Cheatharlach, bhí an-éileamh go deo ó thuismitheoirí ar áiteanna i mbliana mar rogha eile seachas a gcuid bpáistí a sheoladh as baile go dtí cúrsa samhraidh sa Ghaeltacht. Tá na daltaí, atá idir aois 12 agus 18, ag caitheamh coicíse ag foghlaim Gaeilge agus ag glacadh páirte i ngach saghas gníomhaíochtaí le spórt agus spraoi acu trí mhéan na Gaeilge. Is togra iontach é an Coláiste Samhraidh agus tá na daltaí an-sásta leo féin agus iad ag cur feabhais ar a gcuid scileanna teanga chomh maith le taitneamh á bhaint acu as na himeachtaí cultúrtha uile.

Chomh maith le Co. Cheatharlach tá na rannpháirtithe ag taisteal chuig an coláiste samhraidh ó Chill Chainnigh, Chill Dara, Loch Garman agus Co.Laoise.

Cuirtear ranganna Gaeilge le meascán maith de chomhrá agus gramadach, plé agus díospóireacht in oiriúint do na daltaí ar fáil dóibh gach lá. Agus is aoibhinn leo an rogha maith d'imeachtaí cultúrtha, spórt agus cluichí atá ar an gclár chomh maith.

Tá an Céilí ag dul i bhfeidhm go mór ar na déagóirí uile agus iad ag baint suilt as Ionsaí na hInse, Ballaí Luimní agus Baint an Fhéir. Thar aon ní eile cuireann an coicís sa Choláiste Samhraidh ina luí orthu gur féidir leo taitneamh agus spraoi a bhaint as an teanga a fhoghlamaíonn siad ar scoil lá i ndiaidh lae.

Chomh maith le cur lena gcuid líofachta féin sa teanga táid ag casadh le cairde nua trí Ghaeilge. Ar an bhfoireann teagaisc tá Orlaith Ní Mhórda, Máire Ní Fhaoláin, Ellen Ní Choisdealbha, Aisling Ní Cheallaigh, Emma Whitmore agus Bríde de Róiste. Leanfar leis an gColáiste Samhraidh go deireadh na seachtaine seo.

Is cinnte go mbeidh éileamh ar a leithéid de chúrsa arís an samhradh seo chugainn ach ní foláir clárú go luath chun áit a chinntiú. 'Sé €195 an táille ar an gColáiste Samhraidh. Gach eolas ar fáil ó Glór Cheatharlach ag 059 9158105, 085 1340047 nó téigh chuig www.glorcheatharlach.ie



**Coláiste Samhraidh.jpeg: Grúpa de na déagóirí atá ag freastal ar an gColáiste Samhraidh Gaeilge i gCeatharlach.**

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
**Glór Cheatharlach**
Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!